Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Lúnasa 2026**
**(OR. en)**

**12510/26**
**ADD 1**

**DELACT 133**
**PECHE 318**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 5667 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le<br>RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN<br>lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bearta teicniúla sonracha le haghaidh deargán (Pagellus bogaraveo) i bhfolimistéir 6 go 8 de CITM |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 5667 annex.

---

Faoi iamh: C(2026) 5667 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.8.2026
C(2026) 5667 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann le**

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bearta teicniúla sonracha le haghaidh deargán (Pagellus bogaraveo) i bhfolimistéir 6 go 8 de CITM**

# IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní VI agus VII mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn VI mar a leanas:

(a) Leasaítear Cuid A mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an 19ú hiontráil sa tábla:

| | |
|---|---|
| ‘An deargán (*Pagellus bogaraveo*) | 36 cm (*) (**) |

(*) Beidh feidhm ag an íosmhéid tagartha caomhnaithe seo maidir le folimistéir 6 agus 7 de CITM go dtí an 31 Nollaig 2027. Beidh feidhm ag an íosmhéid tagartha caomhnaithe 33 cm maidir le folimistéar 5 de CITM.

(**) In éagmais rialacha nua arna nglacadh roimh an 31 Nollaig 2027, 33 cm a bheidh san íosmhéid tagartha caomhnaithe is infheidhme ón 1 Eanáir 2028 ar aghaidh.’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1 atá thíos faoin tábla:

‘1. Maidir leis na híosmhéideanna tagartha caomhnaithe arna sonrú sa Chuid seo le haghaidh an troisc (*Gadus morhua*), na cadóige (*Melanogrammus aeglefinus*), an ghlasáin (*Pollachius virens*), an mhangaigh (*Pollachius pollachius*), an cholmóra (*Merluccius merluccius*), an scoilteáin (*Lepidorhombus spp.*), an tsóil (*Solea spp.*), na leathóige (*Pleuronectes platessa*), an fhaoitín (*Merlangius merlangus*), an langa (*Molva molva*), an langa ghoirm (*Molva dypterygia*), an ronnaigh (*Scomber spp.*), an scadáin (*Clupea harengus*), an bholmáin (*Trachurus spp.*), an ainseabhaí (*Engraulis encrasicolus*), an doingin (*Dicentrarchus labrax*) agus an tsairdín (*Sardina pilchardus*), beidh feidhm acu maidir le hiascach áineasa in Uiscí an Iarthuaiscirt. Mar sin féin, le haghaidh an deargáin (*Pagellus bogaraveo*), beidh feidhm ag an íosmhéid tagartha caomhnaithe 40 cm maidir le hiascach áineasa i bhfolimistéir 6 agus 7 de CITM go dtí an 31 Nollaig 2027 (*).

(*) In éagmais rialacha nua arna nglacadh roimh an 31 Nollaig 2027, 33 cm a bheidh san íosmhéid tagartha caomhnaithe is infheidhme le haghaidh an deargáin ón 1 Eanáir 2028 ar aghaidh.’;

(b) i gCuid C, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 12:

‘12. Limistéir atá iata chun deargáin a chaomhnú i bhfolimistéir 6 agus 7 de CITM

12.1. Ón 1 Eanáir go dtí an 30 Meitheamh 2027 beidh toirmeasc ar shoithí atá faoi bhratach na Fraince aon iascaireacht a dhéanamh ar dheargáin i bhfolimistéir 6 agus 7 de CITM.’;

(2) Leasaítear Iarscríbhinn VII mar a leanas:

(a) i gCuid A, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an 20ú hiontráil sa tábla:

| | |
|---|---|
| ‘An deargán (*Pagellus bogaraveo*) | 36 cm (*) (**) |

(*) Beidh feidhm ag an íosmhéid tagartha caomhnaithe sin maidir le folimistéar 8 de CITM go dtí an 31 Nollaig 2027. Beidh feidhm ag an íosmhéid tagartha caomhnaithe 33 cm maidir le folimistéir 9 agus 10 de CITM agus limistéir CECAF 34.1.1, 34.1.2 agus 34.2.0.

(**) In éagmais rialacha nua arna nglacadh roimh an 31 Nollaig 2027, 33 cm a bheidh san íosmhéid tagartha caomhnaithe is infheidhme ón 1 Eanáir 2028 ar aghaidh.’;

(b) i gCuid C, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 5.4:

‘5.4. Beidh feidhm ag na bearta i bpointí 5.1 go 5.3 go dtí an 31 Nollaig 2027.’